



An Bhruiséil, 17 Nollaig 2025
(OR. en)

16970/25

ECOFIN 1766

ECB

EIB

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	17 Nollaig 2025
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Ábhar:	TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE maidir le hacmhainneacht agus cúraimí institiúidí fioscacha neamhspleácha san Aontas

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 767 final.

Faoi iamh: COM(2025) 767 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséal, 17.12.2025
COM(2025) 767 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS
CHUIG AN gCOMHAIRLE**

maidir le hacmhainneacht agus cúraimí institiúidí foscacha neamhspleácha san Aontas

{SWD(2025) 417 final}

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

maidir le hacmhainneacht agus cúraimí institiúidí fioscacha neamhspleácha san Aontas

1. RÉAMHRÁ

Tháinig Treoir 2011/85/AE ón gComhairle maidir le ceanglais le haghaidh chreataí buiséadacha na mBallstát¹ i bhfeidhm i mí na Nollag 2011. Ba chuid thábhachtach é den phacáiste reachtach maidir le rialachas eacnamaíoch a neartú, ar a dtugtar an ‘sé-phaca’ freisin. Leagtar síos sa Treoir, den chéad uair, íoscheanglais le haghaidh creataí buiséadacha do Bhallstáit. Agus an taithí a fuarthas ó bhí 2011 ann á cur san áireamh, rinneadh athbhreithniú le déanaí ar an gcóras iomlán faireachais eacnamaíoch, as ar eascair athchóiriú ar an gComhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis a tháinig i bhfeidhm an 30 Aibreán 2024. Sa chomhthéacs sin, leasaíodh Treoir 2011/85/AE ón gComhairle le Treoir (AE) 2024/1265² ón gComhairle.

Le Treoir 2011/85/AE, tugadh isteach íoscheanglais maidir le córais cuntasáochta buiséadaí agus tuairiscithe staidrimh, rialacha agus nósanna imeachta lena rialaítear ullmhú réamhaisnéisí le haghaidh pleanáil bhuiséadach, rialacha fioscacha uimhriúla tírshonracha, creataí buiséadacha meántéarmacha, agus sásraí lena rialaítear caidrimh fhioscacha idir údarais phoiblí ar fud fho-earnálacha an rialtais ghinearálta. Cé gur cumhdaíodh na forálacha sin uile san athbhreithniú, ag féachaint ar cé acu a bhí nó nach raibh siad fós ábhartha agus ar tuigeadh iad agus ar cuireadh i bhfeidhm iad mar a bhí beartaithe, rinneadh gnéithe nua a mheas san athbhreithniú freisin, lena léirítear forbairtí ó bhí 2011 ann. Go háirithe, tá sé cruthaithe ag institiúidí fioscacha neamhspleácha gur féidir leo ról tábhachtach a bheith acu maidir le bonn eolais a chur faoin díospóireacht ar an mbeartas fioscach agus maidir le cleachtas bhuiséadacha fhónta a chothú má tá a leagan amach institiúideach láidir agus má tá acmhainní maithe acu, agus má tá impleachtaí fioscacha an athraithe aeráide ag éirí níos práinní. Léirítear le Treoir (AE) 2024/1265 toradh an athbhreithnithe agus na caibidlíochta leis an gComhairle agus le Parlaimint na hEorpa, as a n-eascaíonn leasuithe ar Threoir 2011/85/AE, nach mór do na Ballstáit a thrasú sa dlí náisiúnta faoin 31 Nollaig 2025.

Luaitear i litir b) nua-leasaithe Airteagal 16(1) de Threoir 2011/85/AE nach mór don Choimisiún, faoin 31 Nollaig 2025 agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, *tuairiscíú ar staid na himeartha maidir le hacmhainneacht agus cúraimí institiúidí fioscacha neamhspleácha san Aontas, agus an dul chun cinn atá déanta ó tháinig an Treoir seo i bhfeidhm á chur san áireamh, ag tógáil ar thorthaí Bhunachar Sonraí an Choimisiúin um Rialachas Fioscach agus ar chomhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara ábhartha, d’fhonn íoschaighdeán a fhiosrú*. Chuir sin, chuir an Coimisiún an tuarascáil seo agus doiciméad inmheánach oibre a ghabhann léi ar fáil ina bhfuil bileoga eolais aonair ina bhfuil príomhfhíorais agus príomhshaintréithe le haghaidh gach ceann de na 31 institiúid fioscach neamhspleách atá bunaithe san Aontas faoi láthair agus ina bhfuil achoimre ar láidreachtaí agus laigí gach institiúide

¹ IO L 306, 23.11.2011, lch. 41.

² [Rialachán \(AE\) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024](#) agus [Rialachán \(AE\) 2024/1264 ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 lena leasaítear Rialachán \(CE\) Uimh. 1467/97 maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air](#) agus [Treoir \(AE\) 2024/1265 ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 lena leasaítear Treoir 2011/85/AE maidir le ceanglais le haghaidh chreataí buiséadacha na mBallstát](#).

fioscaí neamhspleáiche. Tá na bileoga eolais bunaithe ar fhaisnéis a chuir na hinstiúidí foscacha neamhspleácha ar fáil d'eagrán 2025 de Bhunachar Sonraí an Choimisiúin um Rialachas Fioscach (modúl na n-instiúidí foscacha neamhspleácha³) agus ar ionchur breise a fuarthas don tuarascáil eatramhach ar dhul chun cinn agus i malartuithe déthaobhacha éagsúla le húdaráis náisiúnta agus le hinstiúidí foscacha neamhspleácha. Cuirtear san áireamh sa tuarascáil seo faisnéis atá ar fáil faoi lár mhí Dheireadh Fómhair 2025, lena n-áirítear reachtaíocht náisiúnta a glacadh go dtí sin. Cuirtear i láthair inti conclúidí ginearálta a baineadh as an bhfaisnéis atá sna bileoga eolais.

Is é is cuspóir don tuarascáil seo breithniú a dhéanamh ar chúraimí agus ar chumas instiúidí foscacha neamhspleácha an Aontais d'fhonn foghlaim fhrithpháirteach agus forbairt instiúidí foscacha neamhspleácha amach anseo a éascú. Beidh an fhaisnéis a leagtar amach sa tuarascáil seo mar bhonnline freisin chun comparáid a dhéanamh idir bearta leantacha athbhreithniúcháin. Mar a tugadh faoi deara cheana féin, iarrtar ar an gCoimisiún leis an Treoir tuairisc a thabhairt ar chúraimí agus ar acmhainneacht instiúidí foscacha neamhspleácha uair amháin gach 5 bliana. Go háirithe, tabharfaidh sé sin léargas úsáideach maidir le measúnú a dhéanamh ar a mhéid atá sé d'acmhainn ag instiúidí foscacha neamhspleácha na cúraimí a bheidh éigeantach, ó 2032 ar aghaidh, i gcomhréir le forálacha Rialachán (AE) 2024/1263 ón gComhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis a chomhlíonadh⁴.

Ní hé cuspóir na tuarascála seo measúnú a dhéanamh ar chomhréireacht na bhforálacha náisiúnta leis an Treoir leasaithe. Déanfar measúnú den sórt sin tar éis don spriocdháta trasuite dul in éag i gcomhréir le dlí an Aontais.

Seo é an struchtúr atá ar an tuarascáil. Sa chéad roinn eile tugtar forléargas gairid ar fhorbairtí ó tháinig an Treoir bhunaidh i bhfeidhm in 2011. Déantar achoimre sa dá fhoroinn seo a leanas ar staid na himeartha mar atá faoi láthair maidir le cúraimí agus cumas, faoi seach, instiúidí foscacha neamhspleácha an Aontais. Cumhdaítear leis an bhforoinn dheireanach sin, dá réir sin, acmhainní, neamhspleáchas agus gníomhaíochtaí cumarsáide na n-instiúidí foscacha neamhspleácha. Déantar achoimre sa roinn deiridh den tuarascáil ar na príomhthorthaí.

2. CÚRAIMÍ AGUS INNIÚLACHT INSTIÚIDÍ FOSCACHA NEAMHSPLEÁCHA AN AONTAIS

2.1 Forbairtí ó tháinig Treoir 2011/85/AE i bhfeidhm

Níl aon amhras ach go bhfuil an creat dlíthiúil atá ag athrú lena rialaítear instiúidí foscacha neamhspleácha⁵ ar cheann de na tosca is cúis leis an méadú géar ar an líon instiúidí


³ [An Tuarascáil Eatramhach ar Dhul Chun Cinn](#) maidir le cur chun feidhme Threoir (AE) 2024/1265 ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 lena leasaítear Treoir 2011/85/AE ón gComhairle maidir le ceanglais ar chreataí buiséadacha na mBallstát.

⁴ Airteagail 11 agus 15 de Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle.

⁵ I dteannta Threoir 2011/85/AE maidir le ceanglais le haghaidh chreataí buiséadacha na mBallstát, áirítear ann Rialachán (AE) Uimh. 473/2013 maidir le forálacha coiteanna le haghaidh faireachán agus measúnú ar dhréachtphleananna buiséadacha agus lena n-áiríthítear easnamh iomarcach na mBallstát sa limistéar euro a cheartú. Lasmuigh de chreat dlíthiúil an Aontais, an Conradh ar Chobhsaíocht, ar Chomhordú agus ar Rialachas san Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta, ar comhaontú idir-rialtasach é a síníodh i mí an Mhárta 2012, tá forálacha ann freisin a bhfuil tionchar acu ar instiúidí foscacha neamhspleácha i bhformhór na mBallstát, go háirithe i dTeideal III de, ina leagtar amach an 'Comhshocrú Fioscach', mar a thugtar air. Le hathchóiriú 2024, rinneadh an comhshocrú foscach a ionchorprú i ndlí an Aontais.

fioscacha neamhspleácha a tugadh faoi deara san Aontas le 15 bliana anuas. Léirítear i bhFíor 1 gur bunaíodh líon mór institiúidí fioscacha neamhspleácha nua sna blianta tar éis na géarchéime airgeadais domhanda agus reachtaíocht nua an Aontais a tháinig ina diaidh, go háirithe Rialachán (AE) Uimh. 473/2013. Roimhe sin, ní raibh ach dornán institiúidí fioscacha neamhspleácha san Aontas, cé go raibh stair sheanbhunaithe ag cuid acu, amhail WIFO san Ostair, CPB san Ísiltír, Comhairlí Eacnamaíocha na Danmhairge sa Danmhairg agus an Biúro Pleanála Cónaidhme sa Bheilg⁶⁷. Le déanaí, bunaíodh institiúidí fioscacha neamhspleácha i mBallstáit nach bhfuil sa limistéar euro, lena n-áirítear an tSeicia agus an Pholainn. Is í Comhairle Fhioscach na Polainne an institiúid fhioscach neamhspleách is déanaí atá le bunú, agus tá coinne leis go dtosóidh sí ag feidhmiú an 1 Eanáir 2026. Fágann sé sin go bhfuil suas le 32 institiúid fhioscacha neamhspleácha san Aontas⁸.

Fíor 1. An Líon Institiúidí Fioscacha Neamhspleácha san Aontas Eorpach ó bhí 2010 ann



Foinse: Bunachar Sonraí an Choimisiúin Eorpaigh um Rialachas Fioscach (eagrán 2025)

NB. Meastar go mbeidh institiúid fhioscach neamhspleách oibríochtúil ag an bPolainn ó 2026 ar aghaidh.

Roghnaigh cúig Bhallstát dhá institiúid fhioscacha neamhspleácha a bheith acu, a bhfuil cúraimí sonracha institiúidí fioscacha neamhspleácha ag gach ceann acu⁹. I ngach ceann de na cúig chás, is institiúid sheanbhunaithe é ceann den dá institiúid fhioscacha neamhspleácha a bhfuil traidisiún réamhaisnéise maicreacnamaíche aici. Agus institiúidí fioscacha

⁶ Le haghaidh ainm iomlán na n-institiúidí fioscacha neamhspleácha, féach Iarscríbhinn 1.

⁷ I bhformhór na gcásanna, tá sainordú níos leithne ag na h-institiúidí sin ná an gnáth-institiúid fhioscach neamhspleách, a bunaíodh sular cuireadh tús le bunú institiúidí fioscacha neamhspleácha.

⁸ Áirítear ar an líon sin institiúidí a bhfuil ceann amháin ar a laghad de chúraimí na n-institiúidí fioscacha neamhspleácha liostaithe i reachtaíocht ar leibhéal an Aontais acu agus a chomhlíonann na critéir bhunúsacha maidir le neamhspleáchas. Tá institiúidí eile ag roinnt Ballstát freisin a bhfuil cúraimí orthu atá cosúil le cúraimí institiúidí fioscacha neamhspleácha, amhail oifigí buiséid pharlaiminteacha, gan aon cheann de chúraimí foirmiúla institiúidí fioscacha neamhspleácha a bheith á gcomhlíonadh acu (e.g. an Ostair, an Ghréig agus an Phortaingéil).

⁹ Is iad an Ostair, an Bheilg, Lucsamburg, an Ísiltír agus an tSlóivéin na cúig Bhallstát sin.

neamhspleácha á dtabhairt isteach sa chreat fioscach náisiúnta, mheas na Ballstáit sin go raibh sé éifeachtúil ligean do na hinstitiúidí sin leanúint de chúram a dhéanamh den réamhaisnéis mhaicreacnamaíoch is bonn le pleananna buiséadacha an rialtais a tháirgeadh, agus ligean d’institiúid eile cúram a dhéanamh de chúram na hinstitiúide fiosaí neamhspleáiche eile a eascraíonn as reachtaíocht an Aontais, i.e. faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh rialacha fiosaí, chomh maith le cúraimí eile institiúidí fiosaí neamhspleácha, b’fhéidir, amhail measúnú a dhéanamh ar inbhuanaitheacht fhadtéarmach nó ar chostáil bhuiséadach. Leis na leasuithe ar Threoir 2011/85/AE, ceadáítear go sainráite do Bhallstát níos mó ná institiúid fhioscach neamhspleách amháin a bheith aige, chun freastal ar chomhthéacsanna náisiúnta sonracha amhail na comhthéacsanna sin. D’fhéadfadh na réitigh sin, áfach, an uailmhian maidir le féiniúlacht institiúide fiosaí neamhspleáiche a chruthú a dhéanamh níos casta, agus institiúid amháin inaitheanta go soiléir ag an bpobal mar fhoras faire an bheartais fhiosaigh náisiúnta¹⁰.

Tá grúpa institiúidí fiosaí neamhspleácha ann freisin atá ceangailte de mháthairinstitiúid nó leabaithe inti, amhail an Chúirt Iníuchóirí náisiúnta (an Fhionlainn, an Fhrainc agus an Liotuáin), nó i gcás ina sanntar ról na hinstitiúide fiosaí neamhspleáiche d’institiúid a bhfuil cúraimí eile nach cúraimí institiúide fiosaí neamhspleáiche iad uirthi freisin (e.g. an Ostair/WIFO, an Danmhairg, an Ísiltír/CPB agus CoS, Lucsburg/STATEC, an tSlóivéin/IMAD). Is féidir le réitigh den sórt sin a chur ar chumas institiúide fiosaí neamhspleáiche leas a bhaint as saineolas atá ann cheana nó creidiúnacht sheanbhunaithe institiúide atá ann cheana a ‘fháil ar iasacht’ agus tairbhe á baint as roinnt cosanta buiséid an tráth céanna. Mar sin féin, tá an baol ann arís nach mbeidh ról sonracha na hinstitiúide fiosaí neamhspleáiche chomh hinaitheanta céanna, rud a d’fhéadfadh an chumarsáid leis an bpobal maidir le cúrsaí fiosaí a dhéanamh níos casta.

Ós rud é gur cheart cead a thabhairt do chreataí fiosaí náisiúnta saintréithe agus traidisiúin institiúideacha náisiúnta shonracha a léiriú, ní fhorchuirtear le reachtaíocht an Aontais maidir le institiúidí fiosaí neamhspleácha ‘cur chuige a oireann do chách’ ach ceadáítear léi spás do roghanna tírshonracha agus méid áirithe solúbthachta maidir le léirmhíniú beacht nó cur chun feidhme praiticiúil forálacha áirithe. Mar thoradh air sin, tá difríochtaí sách mór idir institiúidí fiosaí neamhspleácha an Aontais. Tugtar forléargas gairid sna ranna seo a leanas ar an staid reatha maidir le cuid de phríomh-shaintréithe na n-institiúidí fiosaí neamhspleácha.


2.2 Raon feidhme chúraimí institiúidí fiosaí neamhspleácha an Aontais

Tá an raon leathan difríochtaí idir institiúidí fiosaí neamhspleácha an Aontais le feiceáil go soiléir i raon feidhme a gcúraimí, cibé acu na cúraimí a dhéanann siad iarbhir nó a sainorduithe dlíthiúla. D’fhéadfadh an éagsúlacht sin a léiriú nach raibh ach sainordú réasúnta cúng do ‘chomhlachtaí neamhspleácha’ ag teastáil ó reachtaíocht an Aontais go dtí an t-athbhreithniú a rinneadh le déanaí ar an gcreat dlíthiúil, lena gcumhdaítear den chuid is mó réamhaisnéisí maicreacnamaíocha a tháirgeadh nó a fhorhuiniú (don limistéar euro) agus faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na rialacha fiosaí náisiúnta. Níor bunaíodh na cúraimí sin mar chúraimí institiúide fiosaí neamhspleáiche i ngach Ballstát den Aontas ach amháin tar éis na leasuithe ar Threoir 2011/85/AE agus cuireadh cúraimí eile leis. Mar

¹⁰ Dá bhrí sin, luaitear in Aithris 14 de Threoir (AE) 2024/1265 ‘gur cheart ilroinnt iomarcach institiúideach ar na cúraimí faireacháin a sheachaint’.

thoradh air sin, mheas roinnt Ballstát gur leor a cheangal ar a n-institiúid fhioscach neamhspleách an sainordú cúng sin a chomhlíonadh, agus é sin amháin, agus leathnaigh Ballstáit eile é nó, ar a laghad, thug siad an tsaorise agus na modhanna do na hinstiúidí fhioscacha neamhspleácha é sin a dhéanamh. Léirítear é sin in innéacs raon feidhme ghníomhaíocht na n-institiúidí fhioscacha neamhspleácha, ar innéacs é atá bunaithe ar shonraí arna mbailiú ag an gCoimisiún ó Institiúidí Fioscacha Neamhspleácha an Aontais le haghaidh Shuirbhé an Bhunachair Sonraí bhliantúil um Rialachas Fioscach (Fíor 2). Tomhaistear leis raon feidhme cúraimí institiúidí fhioscacha neamhspleácha, arna n-ualú de réir a dhéine a shaothraítear iad agus de réir neart dlíthiúil a sainordaithe. Dá bhrí sin, ní táscaire é ar a éifeachtúlá ná a neamhspleáiche atá siad ná ar an tionchar atá acu ar an mbeartas fioscach. Mar a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis, léiríonn an t-innéacs foriomlán ardleibhéal cobhsaíochta le himeacht ama, cé gur neartaigh roinnt institiúidí fhioscacha neamhspleácha a n-innéacs le blianta beaga anuas.

Fíor 2. Éagsúlacht i raon feidhme ghníomhaíocht na n-institiúidí fhioscacha neamhspleácha (innéacs raoin feidhme ghníomhaíocht na n-institiúidí fhioscacha neamhspleácha)



Foinse: Bunachar Sonraí an Choimisiúin Eorpaigh um Rialachas Fioscach (eagrán 2025)

N.B. Is é 100 luach innéacs raon feidhme ghníomhaíocht na n-institiúidí fhioscacha neamhspleácha is airde is féidir.

Thuairiscigh cúig institiúid fhioscacha neamhspleácha go dtáirgeann siad na **réamhaisnéisí maicreacnamaíocha** foluiteacha le haghaidh phleananna buiséadacha a mBallstát faoi seach. Thuairiscigh 14 institiúid fhioscacha neamhspleácha eile go dtacaíonn siad leis na réamhaisnéisí sin iad féin nó trí choiste atá ceangailte lena n-institiúid fhioscach neamhspleách nó ina bhfuil cearta vótála acu. Thuairiscigh dhá Bhallstát sa limistéar euro nach ndéanann a gcuid institiúidí fhioscacha neamhspleácha measúnú ach ar réamhaisnéisí den sórt sin (an Fhionlainn agus an Fhrainc), agus i bhformhór na mBallstát nach bhfuil sa limistéar euro, thuairiscigh institiúidí fhioscacha neamhspleácha nach raibh mórán rannpháirtíochta acu go dtí seo in ullmhú ná i measúnú na réamhaisnéisí maicreacnamaíocha.

Is lú an bhaint atá ag institiúidí fhioscacha neamhspleácha le **réamhaisnéisí buiséadacha**, agus tuairiscíonn thart ar leath de na hinstiúidí fhioscacha neamhspleácha go dtacaíonn siad le

réamhaisnéisí buiséadacha nó go ndéanann siad measúnú orthu sula nglacann an pharlaimint pleananna buiséadacha. Ní chiallaíonn sé sin go mbunaíonn na hinstiúidí fíoscacha neamhspleácha sin a measúnuithe ar réamhaisnéis fhioscach lánfheidhme dá gcuid féin, mar nach mbunaíonn a bhformhór, ná ní chiallaíonn sé nach dtáirgeann aon cheann de na hinstiúidí fíoscacha neamhspleácha eile a réamhaisnéisí buiséadacha féin, ós rud é go ndéanann roinnt instiúidí fíoscacha neamhspleácha amhlaidh. Ní bhunaíonn ach dornán instiúidí fíoscacha neamhspleácha a measúnuithe ar **chostáil chainníochtúil beartais** (e.g. an Ostair (FISK), an Bheilg (FPB), an Iodáil agus an Ísiltír (CPB)).

Thuairiscigh na Ballstáit uile seachas an Pholainn go bhfuil instiúid fhioscach neamhspleách acu ag a bhfuil sainordú **faireachán ex post a dhéanamh ar chomhlíonadh rialacha fíoscacha náisiúnta**, ar príomhghníomhaíocht de chuid instiúidí fíoscacha neamhspleácha é sin, agus thuairiscigh beagnach an oiread céanna go bhfuil sainordú acu freisin faireachán *ex ante* a dhéanamh ar chomhlíonadh.

Thuairiscigh beagán níos mó ná leath de na hinstiúidí fíoscacha neamhspleácha go ndéanann siad **anailís inbhuanaitheachta fhadtéarmach** de chineál éigin, agus luaigh a bhformhór go bhfuil an cúram sin mar chuid dá sainordú go sainráite. Mar léiriú ar an bhfioras gur gníomhaíocht atá dian ar acmhainní iad anailísí inbhuanaitheachta agus gur minic a dhéantar iad sa bhreis ar na cúraimí eile a luaitear thuas, thuairiscigh na hinstiúidí fíoscacha neamhspleácha is mó a bhfuil acmhainní acu go príomha go bhfuil an cúram sin á dhéanamh acu, e.g. instiúidí fíoscacha neamhspleácha san Ostair (WIFO), sa Bheilg (FPB), sa Spáinn, san Iodáil, san Ísiltír (CPB), sa Phortaingéil agus sa tSlóvaic. Mar sin féin, thuairiscigh roinnt instiúidí fíoscacha neamhspleácha beaga go raibh siad gníomhach ar leibhéal éagsúla sa réimse sin, e.g. instiúidí fíoscacha neamhspleácha san Ostair (FISK), sa tSeicia, in Éirinn, sa Liotuáin, sa Laitvia agus sa tSlóivéin (FC). Astu sin nár thuairiscigh aon ghníomhaíocht i réimse na hinbhuanaitheachta fadtéarmaí, bhí beagnach gach ceann acu réasúnta beag.

Maidir le rannpháirtíocht instiúidí fíoscacha neamhspleácha sa chéad bhabhta de **phleananna struchtúracha fíoscacha meántéarmacha náisiúnta**, tá éagsúlacht ann, rud a d'fhéadfadh a léiriú go bhfuil go dtí deireadh 2025 ag na Ballstáit chun na leasuithe ar Threoir 2011/85/AE a thrasú agus go raibh teorainn ama acu chun teacht i ngleic le creat nua rialachais fhioscaigh an Aontais. Ina theannta sin, mar a luadh cheana, ní bheidh ceangal dlíthiúil ar na Ballstáit páirt a thabhairt do na hinstiúidí fíoscacha neamhspleácha go dtí an 1 Bealtaine 2032. Mar sin féin, thuairiscigh thart ar leath de na Ballstáit go raibh baint ag instiúid fhioscach neamhspleách amháin ar a laghad ar bhealach éigin leis an gcéad bhabhta de phleananna struchtúracha fíoscacha meántéarmacha náisiúnta, den chuid is mó trína iarraidh air na réamhaisnéisí maicreacnamaíocha is bun leis an bplean a fhorhnuiniú (nó i gcásanna áirithe iad a tháirgeadh). D'eisigh roinnt instiúidí fíoscacha neamhspleácha a measúnú féin ar na pleananna fiú gan cúram foirmiúil a bheith orthu é sin a dhéanamh.

Ar an gcaoi chéanna, ós rud é nár tháinig **measúnú ar chomhsheasmhacht, comhleanúnachas agus éifeachtacht an chreata fhioscaigh náisiúnta** chun bheith ina chúram éigeantach go dtí tar éis an leasaithe ar Threoir 2011/85/AE, ní haon ionadh nár thuairiscigh ach líon teoranta instiúidí fíoscacha neamhspleácha go raibh siad gníomhach sa réimse sin agus go minic ar bhonn teoranta gan anailís chuimsitheach a dhéanamh ar an gcreat ina iomláine.

2.3 Acmhainneacht institiúidí fioscacha neamhspleácha an Aontais

2.3.1 Acmhainní airgeadais agus soláthar foirne

Tá éagsúlacht nach beag idir institiúidí fioscacha neamhspleácha maidir le leibhéal na n-acmhainní airgeadais a chuirtear ar fáil d'institiúidí fioscacha neamhspleácha. Ba é EUR 100 000 (Lucsamburg/CNFP) na **leithreasuithe buiséid** ab ísle a tuairiscíodh le haghaidh 2024, I gcodarsnacht leis sin, thuairiscigh roinnt institiúidí fioscacha neamhspleácha buiséid i bhfad níos airde (thart ar EUR 11 mhilliún sa Spáinn)¹¹. Ba é thart ar EUR 900 000 an buiséad airmheánach a bhí bunaithe ar na hinstitiúidí fioscacha neamhspleácha sin a bhí in ann a mbuiséad féin a shainaithint. Ní raibh trí institiúid fhioscacha neamhspleácha in ann méid a léiriú toisc gur tuairiscíodh gur tháinig an maoiniú dá ngníomhaíochtaí ó bhuiséad foriomlán máthairinstitiúide, nach raibh mórán smachta acu air (an Bheilg/SPBR, an Fhrainc agus an Ísiltír/CoS). Is léiriú é an raon leathan leithreasuithe buiséid den chuid is mó ar mhéid éagsúil fhoireann theicniúil na n-institiúidí fioscacha neamhspleácha, ach freisin ar roinnt gnéithe institiúideacha eile a bhfuil tuairisc níos mionsonraithe orthu thíos¹².

Tá éagsúlacht sna **leibhéil foirne** idir institiúidí fioscacha neamhspleácha ó thart ar choibhéis lánaimseartha amháin sa Ghearmáin¹³ go 67 sa Spáinn. Is é 6.5 ball foirne an leibhéal airmheánach foirne, agus bhí idir 4 agus 20 ball foirne sa dá mheáncheathairil¹⁴. Mar thomhas ar chumas anailiseach institiúidí fioscacha neamhspleácha, ceathrar a bhí sa líon airmheánach eacnamaíche agus na saineolaithe dlí, a raibh thart ar dhá thrian den fhoireann iomlán i gceist leo¹⁵.

Agus léargas ginearálta á thabhairt, ní mór na huimhreacha sin a léirmhíniú go cúramach mar sin féin i bhfianaise roinnt **tosca a bhaineann go sonrach le tír faoi leith**. Mar shampla, thuairiscigh níos mó ná leath de na hinstitiúidí fioscacha neamhspleácha uile go bhfuair siad leibhéal éagsúla cúnaimh ábhartha ó institiúidí eile. Is minic a thagann sé sin i bhfoirm seirbhísí coiteanna amhail TF, acmhainní daonna agus cumarsáid nó i bhfoirm áitribh a bheith á gcur ar fáil nó foireann a bheith á dtabhairt ar iasacht. Thairis sin, i roinnt cásanna, níor áiríodh sna figiúirí a tuairiscíodh acmhainní foirne a soláthraíodh trí choistí i gceangal leis seo a raibh sé de chúram orthu réamhaisnéisí maicreacnamaíocha a fhorhíniú (an Ghearmáin agus an tSlóvaic).

¹¹ Is minic a thuairiscíonn cuid de na hinstitiúidí is mó, a bhfuil sainorduithe acu a théann níos faide ná cúraimí institiúidí fioscacha neamhspleácha, leithreasú buiséid na hinstitiúide ina hiomláine, rud a dhéanann comparáidí le hinstitiúidí fioscacha neamhspleácha níos lú níos casta.

¹² Agus buiséid na n-institiúidí fioscacha neamhspleácha á gcur i gcomparáid le chéile, ní mór a chur san áireamh freisin nach ionann na leibhéil phá ó Bhallstát go Ballstát.

¹³ Anseo, tá an cúram agus na riachtanais foirne a bhaineann leis an réamhaisnéis mhaicreacnamaíoch a fhorhíniú cumhdaithe ag comhalta institiúideach amháin den institiúid fhioscach neamhspleách, an Comhghrúpa Réamhaisnéise Eacnamaíche.

¹⁴ I gcás na n-institiúidí móra a dhéanann cúraimí nach cúraimí institiúide fiosaí neamhspleáiche iad freisin, is minic a bhí an líon ball foirne a tuairiscíodh mar thoradh ar mheastachán ar an gcoibhéis lánaimseartha a bhí tiomnaithe do chúraimí institiúide fiosaí neamhspleáiche, lena tugadh isteach gné den tsuibíachtúlacht, nó tuairiscíodh an líon foirne foriomlán gan díriú ar chuid na hinstitiúide fiosaí neamhspleáiche de, rud a d'fhág go raibh líon foirne (i bhfad) níos airde ann ná mar a bhí i gcás institiúid fhioscach neamhspleách na Spáinne.

¹⁵ Lena n-áirítear bainisteoirí, a dhéanann obair anailiseach go minic freisin, ardaíonn an t-airmheán go 5 agus meánsciar na foirne iomláine go dtí thart ar 80 %. I gcás roinnt institiúidí fioscacha neamhspleácha, ní raibh i sciar den fhoireann iomlán ach 25-40 % (thart ar 50 % lena n-áirítear bainisteoirí) ina n-eacnamaíche agus saineolaithe dlí, rud a chuir teorainn bhreise lena n-acmhainneacht. I measc na gcatagóirí eile tá foireann riaracháin agus foireann eile.

I gcás roinnt institiúidí fioscacha neamhspleácha, rinne a leithreasuithe buiséid rómheastachán ar na hacmhainní a bhí ar fáil, toisc gur minic a bhí siad bunaithe ar líon teoiriciúil post san institiúid fhioscach neamhspleách, nár líonadh i gcónaí. Chiollaigh sé sin, i ndáiríre, gur úsáid an institiúid fhioscach neamhspleách níos lú ná a mbuiséad leithdháilte, uaireanta i bhfad níos lú. Bhí deacrachtaí ag institiúidí fioscacha neamhspleácha poist a líonadh ar roinnt cúiseanna. Is minic a thuairiscigh na hinstitiúidí fioscacha neamhspleácha lena mbaineann cúiseanna a bhaineann le tuarastal, á rá nach raibh siad in ann leibhéil phá foirne a shocrú ach go raibh orthu scálaí pá státseirbhíseach seanbhunaithe a leanúint ina ionad sin, rud a d'fhág go raibh sé deacair iarrthóirí a bhfuil próifíl oiriúnach acu a mhealladh agus a choinneáil. Cúis eile a bhaineann le nósanna imeachta riaracháin anásta a chuireann moill ar nósanna imeachta earcaíochta, rud a chuir teorainn leis an líon iarrthóirí incháilithe.

Níor thuairiscigh ach fíorbheagán Ballstát go raibh cosaintí dlíthiúla i bhfeidhm acu chun **cistiú cobhsaí** a áirithiú d'institiúidí fioscacha neamhspleácha. Thug Ballstát amháin dlí isteach lena gceanglaítear go mbeadh leithreasuithe institiúide fiosaí neamhspleáiche nasctha le boils-ciú (Málta). Bhí ceanglas ag Ballstát eile gur leor cistiú institiúide fiosaí neamhspleáiche chun líon áirithe gníomhaíochtaí institiúide fiosaí neamhspleáiche a chumhdach (an Laitvia). I mBallstát eile, bhí reachtaíocht ann lena leagtar síos nach bhféadfar leithreasuithe buiséid an stáit a laghdú ach amháin in imthosca eisceachtúla a bhfuil údar cuí leo (an Phortaingéil). I mBallstáit eile, tá cleachtais sheanbhunaithe ann a shaothraíonn aidhmeanna atá cosúil leo siúd a dtugtar tuairisc orthu thuas (e.g. san Ostair), ach níl siad cumhdaithe sa dlí.

2.3.2 *Neamhspleáchas*

Ní hamháin go mbaineann cumas institiúide fiosaí neamhspleáiche chun tionchar a imirt ar bheartas fioscach lena hacmhainní buiséidacha nó leis an líon foirne cáilithe (féach an fhoroinn roimhe seo), ach baineann sé freisin le neamhspleáchas na hinstitiúide. Mura mbreathnaítear ar institiúid fhioscach neamhspleách mar institiúid neamhspleách, tá an baol ann go mbreathnófar ar a hanailís agus ar a thuairimí mar anailís agus tuairimí atá claonta agus, ina dhiaidh sin, gur lú an tionchar a bheidh acu sa phlé. Níl aon bhealach amháin is fearr ann chun neamhspleáchas institiúid fhioscach neamhspleách a thomhas. Mar sin féin, is féidir le príomhghnéithe institiúideacha mar aon le táscairí a bhaineann le cumas na hinstitiúide fiosaí neamhspleáiche sa chleachtas gníomhú agus cumarsáid a dhéanamh gan bhac laistigh dá sainchúram go leor de na gnéithe is tábhachtaí a ghabháil chun neamhspleáchas a ráthú¹⁶.

Is é an chéad chosaint ar chur isteach míchuí reachtaíocht a bheith i bhfeidhm lena gcuirtear toirmeasc ar institiúidí fioscacha neamhspleácha **treoracha a ghlacadh** ó aon duine. Cumhdaítear thart ar leath d'institiúidí fioscacha neamhspleácha an Aontais leis na forálacha sin. Tá tagairtí níos ginearálta sa reachtaíocht do neamhspleáchas na hinstitiúide ag an tríú cuid eile. Ós rud é go n-áirítear go sainráite sa leasú ar Threoir 2011/85/AE ceanglas chun toirmeasc a chur ar institiúidí fioscacha neamhspleácha treoracha a ghlacadh, ceanglófar ar na Ballstáit nár thug foráil shonrach isteach go fóill chuige sin déanamh amhlaidh.

¹⁶ Cuireann na hacmhainní atá ar fáil d'institiúid fhioscach neamhspleách lena neamhspleáchas freisin toisc go leagtar síos leo na teorainneacha ar an méid is féidir léi a dhéanamh. Chomh maith leis sin, toisc go n-aithnítear é mar phríomhghníomhaí sa díospóireacht maidir leis an mbeartas fioscach trí theagmháil rathúil a dhéanamh le páirtithe leasmhara (ábhar fhoroinn 2.3.3) déantar difear dá neamhspleáchas. I dteannta a chéile, cuireann na gnéithe sin le hacmhainneacht na hinstitiúide fiosaí neamhspleáiche.

Critéar eile, arb é is aidhm dó a áirithiú go gceapfar daoine oiriúnacha chun an institiúid fhioscach neamhspleách a stiúradh, mar Cheann na hinstitiúide nó mar chomhalta dá cheannaireacht¹⁷, is ea **nósanna imeachta ceapacháin trédhearcacha** agus ceanglais leordhóthanacha maidir le hinniúlacht ghairmiúil a bheith i bhfeidhm. Tá nósanna imeachta ceapacháin bunaithe sa dlí ag formhór na n-institiúidí fioscacha neamhspleácha, cé gur minic a bhíonn tionchar láidir ag ionadaithe an rialtais, go háirithe ón Aireacht Airgeadais, ar an nós imeachta ainmniúcháin, rud a fhágann go bhfuil baol éigin ann go mbeidh claontacht fhéinleasaithe ann. Sa Phortaingéil agus sa Ghréig, baineann nósanna imeachta ainmniúcháin leas as grúpa níos leithne páirtithe leasmhara, ina bhfuil Uachtarán na Cúirte Iniúcháin agus gobharnóir an bhainc ceannais rannpháirteach. In Éirinn, fógraítear comórtas oscailte go poiblí, agus ina dhiaidh sin déanann coiste roghnúcháin gearrliosta a tharraingt suas, ar a bhfuil, i measc nithe eile, cathaoirleach reatha na hinstitiúide fiosaí neamhspleáiche agus páirtí leasmhar seachtrach. San Iodáil, roghnaítear iarrthóirí ó liosta de dheichniúr, ar an ngearrliosta ag coistí buiséid an dá theach parlaiminte, de réir riail tromlaigh dhá thrian.

Maidir le **ceanglais inniúlachta gairmiúla**, tá rialacha nó reachtaíocht i bhfeidhm ag beagnach gach institiúid fhioscach neamhspleách ina sonraítear na cáilíochtaí agus an taithí is gá chun feidhm cheannaireachta a ghlacadh, agus béim á leagan go minic ar eacnamaíocht agus ar shaineolas airgeadais phoiblí. Mar sin féin, tá cásanna ann freisin ina leagtar amach ceanglais ghairmiúla i dtéarmaí níos ginearálta (go háirithe in institiúidí a bhfuil cúraimí nach cúraimí institiúide fiosaí neamhspleáiche iad orthu freisin) nó ina n-úsáidtear critéir a d'fhéadfadh srian gan ghá a chur leis an líon iarrthóirí, amhail ceanglas a bheith i do shaoránach den Bhallstát atá i gceist. I gcás roinnt institiúidí fioscacha neamhspleácha, níl aon ceanglas sainráite ann maidir le hinniúlacht ghairmiúil, cé go bhfuil cáilíocht an-mhaith ag an gceannaireacht i ndáiríre.

Ráthaíocht fhíor-riachtanach maidir le neamhspleáchas institiúidí fioscacha neamhspleácha is ea a gcumas **cumarsáid a dhéanamh gan bhac** (tabhair faoi deara go scrúdaítear gnéithe níos praiticiúla den chirt sin sa chéad fhoroinn eile). Tá ceart foirmiúil ag institiúidí fioscacha neamhspleácha i ngach Ballstát seachas an Fhrainc (nach féidir lena n-institiúidí fioscacha neamhspleácha tuairimí a fhoilsiú ach amháin ar liosta sainithe de dhlíthe buiséadacha) cumarsáid a dhéanamh gan bhac. Baineann ráthaíocht atá chomh tábhachtach céanna le ceart institiúidí fioscacha neamhspleácha **rochtain a fháil ar fhaisnéis** agus le cur i bhfeidhm praiticiúil an chirt sin. Tá ceart dlíthiúil ag thart ar thrí cheathrú de na hinstitiúidí fioscacha neamhspleácha rochtain a fháil ar an bhfaisnéis is gá chun a gcúraimí a chomhlíonadh. Tá an ceart sin códaithe ag institiúidí fioscacha neamhspleácha eile trí chomhaontuithe foirmiúla. I gcás líon beag institiúidí fioscacha neamhspleácha, ní leagtar síos an ceart sin sa dlí ná i gcomhaontú foirmiúil. Mar sin féin, is léir ón taithí a fuarthas nach ráthaítear le ceart foirmiúil ar bhealach ar bith rochtain thráthúil iomlán ar fhaisnéis sa chleachtas. Chun aghaidh a thabhairt air sin, tá meabhráin tuisceana nó comhaontuithe comhchosúla sínithe ag roinnt institiúidí fioscacha neamhspleácha ina sonraítear ábhar, amlíne agus formáid na faisnéise atá le soláthar. Mar sin féin, tagann saincheisteanna chun cinn fós, go minic maidir le sonraí buiséadacha agus faisnéis faoi bhearta fioscacha a áirítear i mbuiséid agus i bpleananna rialtais.

¹⁷ Tá struchtúr ag formhór na n-institiúidí fioscacha neamhspleácha atá bunaithe ar Bhord ar a bhfuil Cathaoirleach agus roinnt comhaltaí, ar iasacht ó rúnaíocht le saineolaithe teicniúla chun cabhrú leis an mBord anailís agus tuarascálacha etc. a tháirgeadh. Tá eisceachtaí ann, áfach, e.g. AIReF na Spáinne, atá faoi stiúir Uachtaránacht aon duine amháin, le tacaíocht ó Choiste Feidhmiúcháin atá comhdhéanta de Cheannairí na gceithre Rannán in AIReF.

Chun a áirithiú go mbeidh an plé maidir leis an mbeartas fioscach go maith ar an eolas agus chun ról institiúidí fioscacha neamhspleácha sa phlé sin a neartú, tá sé tábhachtach go rachadh institiúidí fioscacha neamhspleácha i mbun **idirphlé leanúnach leis an rialtas** maidir le saincheistanna ríthábhachtacha a bhaineann leis an mbeartas fioscach. D'fhéadfadh sé sin tarlú go spontáineach nó d'fhéadfadh oibleagáid dhlíthiúil ar na húdaráis é sin a spreagadh chun measúnuithe agus tuairimí éagsúla na hinstitiúide fiosaí neamhspleáiche a chomhlíonadh nó chun a mhíniú cén fáth nach bhfuil sé i gceist acu déanamh amhlaidh; tá an prionsabal 'comhlíon nó mínigh' sin san áireamh anois i dTreoir 2011/85/AE agus ní mór é a thrasú sa dlí náisiúnta faoi 2026. I bhformhór na mBallstát, níor cuireadh an prionsabal 'comhlíon nó mínigh' i bhfeidhm i ndáiríre go dtí seo ach amháin i ndáil leis an sásra ceartúcháin, i.e. i gcás ina bhfaightear amach nár chomhlíon Ballstát rialail fhioscach¹⁸. Ní bhíonn sé chomh coitianta céanna go ginearálta go mbeadh na húdaráis faoi oibleagáid dhlíthiúil den sórt sin i ndáil le measúnuithe agus tuairimí eile arna n-eisiúint ag institiúidí fioscacha neamhspleácha. I roinnt Ballstát, go háirithe na Ballstáit sin ina bhfuil an institiúid fhioscach neamhspleách ina hinstitiúid sheanbhunaithe (e.g. an Danmhairg agus an Ísiltír/CPB), is traidisiún seanbhunaithe é go bhfreagraíonn an rialtas do mheasúnuithe na hinstitiúide fiosaí neamhspleáiche, sa réimse fioscach freisin, fiú gan oibleagáid dhlíthiúil é sin a dhéanamh. Os a choinne sin, ní ráthaíonn oibleagáid dhlíthiúil ann féin freagairt fhóinteach ná cumhdach leathan sna meáin ar aon idirghníomhaíochtaí idir an institiúid fhioscach neamhspleách agus an rialtas.

Príomhpháirtí leasmhar eile d'institiúidí fioscacha neamhspleácha is ea **an pharlaimint náisiúnta**. Trí theacht le chéile le reachtóirí agus trí fhreagra a thabhairt ar a gceistanna maidir le beartas fioscach, d'fhéadfaí féachaint ar institiúidí fioscacha neamhspleácha mar réiteoirí neodracha ar shaincheistanna fioscacha agus d'fhéadfaí an deis a bheith acu a dtuairimí a chur in iúl. Cé go dtugann formhór na mBallstát cuireadh d'institiúidí fioscacha neamhspleácha chuig éisteachtaí de ghnáth, níl oibleagáid dhlíthiúil iarbhír ach ar roinnt Ballstát é sin a dhéanamh, ach is iondúil go dtarlaíonn sé ar aon nós. In 2024, bhí thart ar aon trian de na hinstitiúidí fioscacha neamhspleácha uile sa pharlaimint ceithre huairé ar a laghad. I gcodarsnacht leis sin, níor tugadh cuireadh don cheathrú cuid díobh ar chor ar bith. Níl cleachtas na n-institiúidí fioscacha neamhspleácha a fhreagraíonn ceistanna parlaiminteacha an-fhorleathan in AE. Níor ghlac leath na n-institiúidí fioscacha neamhspleácha páirt sa ghníomhaíocht sin ar chor ar bith in 2024, agus ní dhearna ach dornán acu amhlaidh níos mó ná ceithre huairé.

Ar deireadh, is féidir le hinstitiúidí fioscacha neamhspleácha a neamhspleáchas a neartú trí **mheastóireachtaí seachtracha** a dhéanamh go rialta ag meastóirí neamhspleácha. De ghnáth, is é an toradh a bhíonn ar mheastóireachtaí seachtracha ná moltaí do na hinstitiúidí fioscacha neamhspleácha agus do na húdaráis araon maidir le conas eagrú, obair agus tionchar na hinstitiúide fiosaí neamhspleáiche a fheabhsú. Cé nach raibh an cleachtas sin an-fhorleathan san Aontas go dtí seo, agus nach ndearnadh meastóireacht den sórt sin riamh ar thart ar dhá thrian de na hinstitiúidí fioscacha neamhspleácha, leis an Treoir leasaithe déantar meastóireachtaí den sórt sin éigeantach amach anseo. Faoi láthair, i gcás ina ndéantar meastóireachtaí, is ar bhonn deonach a dhéantar iad den chuid is mó. I gcásanna ina bhfuil creat dlíthiúil nó taithí sheanbhunaithe ar mheastóireachtaí ann, déantar iad ag eatraimh iomchuí de ghnáth, is é sin gach 4-6 bliana (e.g. an Liotuáin agus Éire).

¹⁸ Eascraíonn sé sin as oibleagáid a bunaíodh sa chomhaontú maidir le Comhshocrú Fioscach. Féach fonóta 5.

2.3.3 Cumarsáid

An tríú gné atá mar bhonn agus mar thaca ag acmhainneacht (agus neamhspleáchas) institiúidí fíoscacha neamhspleácha is ea a gcumas sa chleachtas dul i bhfeidhm ar phobal leathan, agus dá bhrí sin cáil a chothú as saineolas teicniúil agus neamhchlaontacht i measc príomhpháirtithe leasmhara — lena n-áirítear an pobal i gcoitinne — agus iad féin a bheith ina bpointe tagartha fíor-riachtanach sa phlé maidir leis an mbeartas fíoscach. Institiúidí fíoscacha neamhspleácha a leagann tábhacht ar chumarsáid sheachtrach, a úsáideann raon bealaí agus asraonta chun a dteachtaireachtaí a chur in iúl agus a choigeartaíonn a straitéis chumarsáide go gníomhach bunaithe ar a tionchar, is mó seans go bhfágfaidh siad a lorg ar an bplé maidir leis an mbeartas fíoscach ná institiúidí níos éighníomhaí. D’fhéadfadh deacrachtaí a bheith ag institiúidí fíoscacha neamhspleácha gníomhaíochtaí cumarsáide den sórt sin a fhorbairt.

Maidir le cumarsáid ar bhealach níos foirmiúla, tá **straitéis cumarsáide** shonrach ag thart ar aon trian de na hinstitiúidí fíoscacha neamhspleácha agus sannann dhá thrían díobh **ról foirmiúil cumarsáide seachtraí** don chathaoirleach. Go praiticiúil, ceann de na modhanna cumarsáide seachtraí is coitianta ná go gcuirfí ceann na hinstitiúide fíoscaí neamhspleáiche **faoi agallamh ar an teilifís príomhshrutha, ar an raidió nó i nuachtáin laethúla**. Thuairiscigh trí cheathrú de na hinstitiúidí fíoscacha neamhspleácha go ndearnadh agallaimh go rialta le linn 2024, agus bhí cuid acu nasctha le heisiúint tuairimí/moltaí ó institiúidí fíoscacha neamhspleácha. Thuairiscigh sciar comhchosúil d’institiúidí fíoscacha neamhspleácha freisin go n-eisíonn siad **ailt phreasa** (op-eds. etc.) sna meáin intíre príomhshrutha. Bealach coiteann eile chun cumarsáid a dhéanamh ná trí phreaseisiúintí, agus thuairiscigh leath na n-institiúidí fíoscacha neamhspleácha gur eisigh siad seacht bpreaseisiúint ar a laghad in 2024¹⁹ agus gur eisigh an ceathrú cuid eile ceithre phreaseisiúint ar a laghad. Ní raibh na **preasagallaimh** chomh coitianta céanna, agus ní dhearna ach an tríú cuid d’institiúidí fíoscacha neamhspleácha trí cinn ar a laghad in 2024, agus rinne aon trian eile gan ach aon cheann amháin nó dhá cheann agus ní dhearna an trian eile ceann ar bith.

Thuairiscigh thart ar leath de na hinstitiúidí fíoscacha neamhspleácha go raibh **ball foirne páirtaimseartha amháin ar a laghad acu atá speisialaithe sa chumarsáid sheachtrach**. Ní nach ionadh, bhí rochtain níos fearr ag na hinstitiúidí is mó (an Ostair/WIFO, an Bheilg/FPB, an Spáinn, an Iodáil, Lucsamburg/STATEC, an Ísiltír/CPB, an Phortaingéil, an tSlóivéin/IMAD agus an tSlóvaic) nó ag na hinstitiúidí atá leabaithe in institiúidí níos mó (an Fhionlainn, an Liotuáin agus an Ísiltír/CoS) ar fhoireann chumarsáide speisialaithe ná na hinstitiúidí beaga nach raibh aon speisialtóirí cumarsáide acu go ginearálta, seachas roinnt eisceachtaí. Bhí cuntas **meán sóisialta** amháin ar a laghad ag níos mó ná trí cheathrú d’institiúidí fíoscacha neamhspleácha. Ba ghnách le hinstitiúidí fíoscacha neamhspleácha nach bhfuil aon láithreachtaí acu ar na meáin shóisialta a bheith ar na hinstitiúidí sin ar lú an dóchúlacht go n-eagróidh siad preasagallaimh nó **comhdhálacha** i gcoitinne nó go nglacfaidh siad páirt i gcomhdhálacha arna n-eagrú ag daoine eile. Bhí sé de nós ag na hinstitiúidí fíoscacha neamhspleácha céanna sin gan a **dtionchar** ar na **meáin** a rianú ar bhealach ar bith, murab ionann agus dhá thrían de na hinstitiúidí fíoscacha neamhspleácha a thuairiscigh go raibh céimeanna éagsúla rianaithe á ndéanamh acu.

¹⁹ Lena n-áirítear institiúidí móra a bhfuil cúraimí nach cúraimí institiúidí fíoscacha neamhspleácha iad orthu freisin, rud a chiallaíonn nach gá go mbeadh gach preaseisiúint nasctha le cúrsaí institiúidí fíoscacha neamhspleácha.

3. CONCLÚID

Nuair a tugadh isteach reachtaíocht AE a raibh tionchar aici ar institiúidí fioscacha neamhspleácha in 2011 tar éis na géarchéime airgeadais, ní raibh institiúidí fioscacha neamhspleácha ach ag thart ar dhosaen Ballstát agus i roinnt cásanna, ní raibh cúraimí na n-institiúidí fioscacha neamhspleácha sin bunaithe go hiomlán. Faoi 2018, bhí líon mór institiúidí fioscacha neamhspleácha breise curtha ar bun agus faoi láthair, tá — nó beidh go luath — institiúid fhioscacha neamhspleách ag na Ballstáit uile (beidh institiúid fhioscacha neamhspleách na Polainne i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2026). Ina theannta sin, ó bhí 2011 ann, tá roinnt mhaith institiúidí fioscacha neamhspleácha tar éis iad féin a bhunú mar ghníomhaithe tábhachtacha i bplé náisiúnta maidir leis an mbeartas fioscach, mar gheall ar cháilíocht a n-anailísí.

Chun na traidisiúin riaracháin éagsúla sna Ballstáit a urramú agus chun úinéireacht náisiúnta a spreagadh, le reachtaíocht an Aontais tugadh deis nach beag do na Ballstáit a bheith in ann cinneadh a dhéanamh maidir le conas na forálacha éagsúla a chur chun feidhme, ar forálacha iad, in aon chás, nár bhain ach le Ballstáit sa limistéar euro den chuid is mó. Mar thoradh air sin, bhí difríochtaí móra idir institiúidí fioscacha neamhspleácha an Aontais, rud is feiceálaí ó thaobh raon feidhme na gcúraimí a shanntar dóibh agus ó thaobh na n-acmhainní a leithdháiltear orthu chun na cúraimí sin a shaothrú. Tá difríochtaí móra idir institiúidí fioscacha neamhspleácha an Aontais freisin maidir le coimircí neamhspleáchais, amhail cosaintí dlíthiúla ar chur isteach seachtrach agus cumas praiticiúil institiúidí fioscacha neamhspleácha foireann oiriúnach a mhealladh agus an fhaisnéis uile a theastaíonn uathu a fháil go tráthúil. Is féidir éagsúlacht chomhchosúil a fheiceáil freisin i gcumas institiúidí fioscacha neamhspleácha teagmháil a dhéanamh le páirtithe leasmhara éagsúla agus leis an bpobal, agus bíonn innealra cumarsáide níos casta i bhfeidhm ag institiúidí níos mó de ghnáth.

Is minice a oibríonn institiúidí a bunaíodh roimh theacht i bhfeidhm reachtaíocht na hinstitiúide fiosaí neamhspleáiche de réir cleachtas bunaithe agus rialacha neamhscríofa ná institiúidí fioscacha neamhspleácha a bunaíodh le déanaí. Cé go léiríonn sé sin ardleibhéal úinéireachta náisiúnta, is é is aidhm do na leasuithe ar Threoir 2011/85/AE ar deireadh na cleachtais sin a dhaingniú go foirmiúil sa reachtaíocht náisiúnta chun cosaint mhéadaithe a sholáthar.

Is léir ón taithí a fuarthas freisin gur féidir dul chun cinn nach beag a dhéanamh in achar réasúnta gearr ama. Léiríonn samplaí ón Spáinn, ó Éirinn agus ón bPortaingéil, má thugtar na creatdálaí cearta d'institiúidí fioscacha neamhspleácha, gur féidir leo iad féin a bhunú go réasúnta tapa mar ghníomhaithe láidre sa phlé maidir leis an mbeartas fioscach.

Tá sé léirithe freisin go n-imríonn leibhéal na n-acmhainní airgeadais agus daonna a shanntar d'institiúidí fioscacha neamhspleácha tionchar mór ar an méid is féidir le hinstitiúidí fioscacha neamhspleácha a dhéanamh. Ní hamháin go mbaineann sé sin leis an líon cúraimí is féidir le hinstitiúidí fioscacha neamhspleácha a chumhdach, ach baineann sé freisin lena fheabhas is féidir leo na cúraimí sin a shaothrú agus leis an méid infheistíochta is féidir leo a dhéanamh sa chúram ríthábhachtach a bhaineann le teachtaireachtaí institiúidí fioscacha neamhspleácha a chur in iúl do phríomhpháirtithe leasmhara agus don phobal i gcoitinne. Leis na leasuithe ar Threoir 2011/85/AE tar éis cúraimí nua agus coimircí neamhspleáchais níos éilithí a thabhairt isteach, beidh sé níos tábhachtaí fós a áirithiú go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ag institiúidí fioscacha neamhspleácha a bhfuil smacht iomlán acu orthu amach anseo.

Fónann an fhaisnéis agus an anailís a sholáthraítear sa tuarascáil seo, a thabharfar cothrom le dáta i mbearta athbhreithniúcháin comhchosúla amach anseo, mar bhonn chun measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil ‘acmhainneacht leordhóthanach forbartha’ ag institiúidí fioscacha neamhspleácha ‘chun tuairim a eisiúint maidir leis an réamhaisnéis mhaicreacnamaíoch agus na toimhdí maicreacnamaíocha atá mar bhonn taca leis an gconair ghlanhaiteachais’²⁰. Chun a chinneadh an gcomhlíonann institiúid fhioscach neamhspleách “fioschaighdeáin áirithe” maidir lena chumas, beidh gá le measúnú cuimsitheach ar roinnt tréithe de chuid institiúidí fioscacha neamhspleácha lena mbaineann breithiúnas saineolach. Ceanglaítear le caighdeáin den sórt sin go mbreithneofar ionchuir agus aschuir araon, agus cumhdaítear leis an gcéad cheann saintréithe amhail na saintréithe a ghabhtar leis na critéir neamhspleáchais a leagtar síos sna leasuithe ar Threoir 2011/85/AE, agus baineann an dara ceann níos mó le raon feidhme agus cáilíocht táirgí institiúidí fioscacha neamhspleácha agus leis an gcaoi a gcuirtear in iúl iad. I ndáil leis an méid sin, beidh tábhacht ar leith ag baint leis na meastóireachtaí seachtracha a iarrtar leis na leasuithe ar Threoir 2011/85/AE chun measúnú níos mionsonraithe agus níos cuimsithí a fháil ar acmhainneacht institiúidí fioscacha neamhspleácha.

²⁰ Bunaítear é sin mar choinníoll faoi Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2024/1263 atá le baint amach sula mbeidh na tuairimí sin éigeantach.

Institiúidí fhioscacha neamhspleácha san Aontas Eorpach

Ballstát	Institiúid Fhioscach Neamhspleách — ainm iomlán	Institiúid Fhioscach Neamhspleách — acrainm/foirm ghearr
AT	Comhairle Chomhairleach Fhioscach na hOstaire	FISK
	Institiúid na hOstaire um Thaighde Eacnamaíoch	WIFO
BE	An Biúró Pleanála Cónaidhme	FPB
	An Ard-Chomhairle Airgeadais — Ceanglais Iasachtaíochta san Earnáil Phoiblí	HCF — PSBR
BG	Comhairle Fhioscach na Bulgáire	FCB
CY	Comhairle Fhioscach na Cipire	FCC
CZ	Comhairle Fhioscach na Seicia	CFC
DE	Bord Comhairleach Neamhspleách leis an gComhairle Cobhsaíochta	Bord Comhairleach
DK	Comhairlí Eacnamaíochta na Danmhairge	NOLL
EE	Comhairle Fhioscach na hEastóine	FCE
EL	An Chomhairle Fhioscach Heilléanach	HFISC
ES	An tÚdarás Neamhspleách um Fhreagracht Bhuiséadach	AIReF
FI	Oifig Iniúchóireachta Náisiúnta na Fionlainne	NAOF — FPMD
FR	Ard-Chomhairle an Airgeadais Phoiblí	HCPF
HR	An Coimisiún um Beartas Fhioscach	FPC
HU	Comhairle Fhioscach na hUngáire	FCH
IE	Comhairle Chomhairleach Bhuiséadach na hÉireann	IFC
IT	An Oifig um Buiséad Parlaiminteach	PBO
LT	Oifig Iniúchóireachta Náisiúnta na Liotuáine (An Roinn um Fhaireachán Buiséid)	NAOL — BMD
LU	An Chomhairle Náisiúnta Airgeadais Phoiblí	CNFP
	Institiúid Náisiúnta Staidrimh agus Staidéar Eacnamaíoch Ard-Diúcacht Lucsamburg	STATEC
LV	Comhairle Smachta Fhioscaigh Phoblacht na Laitvia	FDC
MT	Comhairle Chomhairleach Fhioscach Mhálta	MFAC
NL	An Chomhairle Stáit	CoS — AD
	Biúró na hÍsiltíre um Anailís ar Bheartas Eacnamaíoch	CPB
PT	Comhairle Airgeadais Phoiblí na Portaingéile	CBI
RO	Comhairle Fhioscach na Rómáine	IAA
SE	Comhairle na Sualainne um Beartas Fhioscach	SFPC
SI	An Chomhairle Fhioscach	FC
	Institiúid na hAnailíse Maicreacnamaíche agus na Forbartha Maicreacnamaíche i bPoblacht na Slóivéine	IMAD
SK	An Chomhairle um Fhreagracht Bhuiséadach	CBR

